Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Eanáir 2021
(OR. en)

5162/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0251(NLE)**

**ATO 3**
**CADREFIN 8**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10128/18 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin (clár Ignalina); agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle<br>– Glacadh |

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin (clár Ignalina) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle.

2. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha an togra agus tháinig sí ar chomhaontú sealadach ar leibhéal na Meithle tar éis comhairliúchán scríofa neamhfhoirmiúil a chríochnaigh an 3 Samhain 2020, gan agóid déanta ag aon cheann de na toscaireachtaí ina choinne.

3. Ghlac cruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach, an 17-21 Iúil 2020, conclúidí ón gComhairle Eorpach lena gcumhdaítear an t-ioncam do CAI 2021-2027 freisin[1], lena n-áirítear an buiséad don chlár sin.

[1] EUCO 10/20

4. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa i mí Iúil 2018 agus thug sí a tuairim uaithi an 17 Eanáir 2019.

5. An 2 Nollaig 2020, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe go n-aontaíonn sé le téacs an Rialacháin ón gComhairle mar a leagtar amach in 13389/20 é.

6. Ag eascairt as an gcomhaontú cothrománach maidir le CAI, rinneadh an téacs a ailíniú le forálacha nua CAI agus cuireadh faoi bhráid na ndlítheangeolaithe é lena athbhreithniú, mar a leagtar amach in 12569/20.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe:

– an dréacht-téacs críochnaitheach le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena mbunaítear an clár cúnaimh um dhíchoimisiúnú núicléach do ghléasra cumhachta núicléiche Ignalina sa Liotuáin (clár Ignalina) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1369/2013 ón gComhairle, mar a leagtar amach in 12569/20 é, a fhormheas.

– a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an Rialachán ón gComhairle, mar a leagtar amach in 12569/20 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag seisiún a bheidh ag an gComhairle amach anseo.